**CINNEADH Uimh. 21/2022 ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an 4 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1069]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh (AE) 2021/1870 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an AE maidir le táirgí cosmaideacha agus táirgí cúraim ainmhithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh (AE) 2021/1871 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/312/AE lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad AE a dhámhachtain do phéinteanna agus vearnaisí laistigh agus lasmuigh, ([2]) tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Le Cinneadh (AE) 2021/1870, aisghairtear Cinneadh 2014/893/AE ón gCoimisiún ([3]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 2v (Cinneadh 2014/312/AE ón gCoimisiún):

   "— **32021 D 1871**: Cinneadh (AE) 2021/1871 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 379, 26.10.2021, lch. 49)."

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 2y (Cinneadh 2014/893/AE ón gCoimisiún):

   "**32021 D 1870**: Cinneadh (AE) 2021/1870 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an AE maidir le táirgí cosmaideacha agus táirgí cúraim ainmhithe (IO L 379, 26.10.2021, lch. 8)."

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Chinneadh (AE) 2021/1870 agus Chinneadh (AE) 2021/1871 san Íoslainnis agus san Ioruais, rud atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 5 Feabhra 2022 ar an gcoinníoll go mbeifear tar éis na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE a dhéanamh ina leith *.

([1]) IO L 379, 26.10.2021, lch. 8.
([2]) IO L 379, 26.10.2021, lch. 49.
([3]) IO L 354, 11.12.2014, lch. 47.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Feabhra 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN